**Leasú 1**

Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Marc Angel, Łukasz Kohut, Włodzimierz Cimoszewicz, Evin Incir, Robert Biedroń, Sylwia Spurek
thar ceann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar ceann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar ceann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair Rúin**
**Mír 11**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurbh é a bhain ESCE de thátal as ná gurbh ábhar mór imní[1] iad claontacht na meán agus bladhmann éadulaingte san fheachtas le haghaidh thoghcháin pharlaiminteacha 2019 agus, cé go raibh na hiarrthóirí go léir in ann dul i mbun feachtais gan bhac, gur úsáid oifigigh shinsearacha stáit imeachtaí a bhi cistithe ar bhonn poiblí le haghaidh teachtaireachtaí feachtais; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur mhéadaigh ceannas an pháirtí rialaithe sna meáin phoiblí a bhuntáiste[2] a thuilleadh; | 11. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurbh é a bhain ESCE de thátal as ná gurbh ábhar mór imní[1] a bhí i gclaontacht na meán agus reitric éadulangach san fheachtas le haghaidh thoghcháin pharlaiminteacha 2019 agus, cé go raibh na hiarrthóirí go léir in ann dul i mbun feachtais gan bhac, gur úsáid oifigigh shinsearacha stáit imeachtaí a bhi cistithe ar bhonn poiblí le haghaidh teachtaireachtaí feachtais; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur mhéadaigh ceannas an pháirtí rialaithe sna meáin phoiblí a bhuntáiste[2] a thuilleadh; ***á chur in iúl gurb oth léi gur baineadh de phróiseas thoghchán uachtaránachta na Polainne i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020[2a] leis an naimhdeas, na bagairtí i gcoinne na meán, an reitric éadulangach agus na cásanna inar baineadh mí-úsáid as acmhainní stáit;*** |

[1] ESCE/ODIHR, Ráiteas maidir le Réamhthorthaí agus Conclúidí tar éis a Misin Theoranta Breathnóireachta Toghchán, 14 Deireadh Fómhair 2019.

[2] ESCE/ODIHR, Tuarascáil Deiridh ón Misean Teoranta Breathnóireachta Toghchán maidir le toghcháin pharlaiminteacha an 13 Deireadh Fómhair 2019, Vársá, 14 Feabhra 2020.

[1] ESCE/ODIHR, Ráiteas maidir le Réamhthorthaí agus Conclúidí tar éis a Misin Theoranta Breathnóireachta Toghchán, 14 Deireadh Fómhair 2019.

[2] ESCE/ODIHR, Tuarascáil Deiridh ón Misean Teoranta Breathnóireachta Toghchán maidir le toghcháin pharlaiminteacha an 13 Deireadh Fómhair 2019, Vársá, 14 Feabhra 2020.

[41a] ***ESCE/ODIHR, Misean Speisialta Measúnaithe Toghchán, Ráiteas maidir le réamthorthaí agus conclúidí i dtaca leis an dara babhta toghchán uachtaránachta an 12 Iúil 2020, Vársá, 13 Iúil 2020.***

Or. en

**Leasú 2**
**Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Łukasz Kohut, Marc Angel, Włodzimierz Cimoszewicz, Evin Incir, Robert Biedroń, Sylwia Spurek**
thar ceann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar ceann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar ceann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair Rúin**
**Mír 32**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 32. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na himeachtaí araíonachta arna dtionscnamh in aghaidh breithiúna agus ionchúisitheoirí sa Pholainn i ndáil lena gcinntí breithiúnacha lenar cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm, nó lena ráitis phoiblí inar chosain siad neamhspleáchas na mbreithiúna agus an smacht reachta sa Pholainn; ag cáineadh an fheachtais clúmhillte i gcoinne bhreithiúna na Polainne agus rannpháirtíocht na bhfeidhmeannach poiblí ann; á iarraidh ar údaráis na Polainne staonadh ón úsáid mhí-úsáideach a bhaintear as imeachtaí araíonachta agus ó ghníomhaíochtaí eile lena mbaintear an bonn ó údarás na mbreithiúna; | 32. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na himeachtaí araíonachta arna dtionscnamh in aghaidh breithiúna agus ionchúisitheoirí sa Pholainn i dtaca lena gcinntí breithiúnacha lenar cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm, nó lena ráitis phoiblí inar chosain siad neamhspleáchas na mbreithiúna agus an smacht reachta sa Pholainn; ***go háirithe, ag cáineadh na bagartha a bhaineann le himeachtaí araíonachta[1a] i gcoinne níos mó ná 10% de na breithiúna as litir a shíniú a seoladh chuig ESCE maidir le reáchtáil chuí na dtoghchán uachtaránachta agus as tacaíocht a thabhairt do bhreithiúna atá á gcur faoi chois;*** ag cáineadh an fheachtais clúmhillte i gcoinne bhreithiúna na Polainne agus rannpháirtíocht na bhfeidhmeannach poiblí ann; á iarraidh ar |

údaráis na Polainne staonadh ón úsáid mhí-úsáideach a bhaintear as imeachtaí araíonachta agus ó ghníomhaíochtaí eile lena mbaintear an bonn ó údarás na mbreithiúna;

_______________

***[1a] Teachtaireacht ó Leas-Ionchúisitheoir Araíonachta Bhreithiúna na gCúirteanna Coiteanna, Iúil 2020,.http://rzecznik.gov.pl/wp-content/uploads/2020/07/KomunikatFWS.pdf.***

Or. en

**Leasú 3**
**Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Łukasz Kohut, Marc Angel, Włodzimierz Cimoszewicz, Evin Incir, Robert Biedroń, Sylwia Spurek**
thar ceann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar ceann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar ceann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair Rúin**
**Mír 34**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 34. á chur in iúl gur geal léi imeachtaí um shárú a bheith á dtionscnamh ag an gCoimisiún i ndáil leis na forálacha nua thuasluaite; á iarraidh ar an gCoimisiún a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais úsáid a bhaint as an nós imeachta brostaithe agus bearta eatramhacha a dheonú, a mhéid a bhaineann leis an gcás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais; | 34. á chur in iúl gur geal léi imeachtaí um shárú a bheith á dtionscnamh ag an gCoimisiún i ndáil leis na forálacha nua thuasluaite; ***á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil aon dul chun cinn déanta ó 29 Aibreán 2020;*** á iarraidh ar an gCoimisiún ***déileáil leis an gcás mar ábhar tosaíochta agus*** a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais úsáid a bhaint as an nós imeachta brostaithe agus bearta eatramhacha a dheonú, a mhéid a bhaineann leis an gcás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais; |

Or. en

**Leasú 4**
**Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Łukasz Kohut, Marc Angel, Włodzimierz Cimoszewicz, Evin Incir, Robert Biedroń, Sylwia Spurek**
thar ceann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar ceann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar ceann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair Rúin**
**Mír 38**

| *Dréacht ón gComhairle* | *Leasú* |
|---|---|
| 38. á chur in iúl gur díol buartha di na hionsaithe polaitiúla maidir le neamhspleáchas Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine[1]; á thabhairt chun suntais go raibh an Coimisinéir um Chearta an Duine criticiúil go poiblí, laistigh dá réimse freagrachta, faoi bhearta éagsúla a ghlac an rialtas reatha; á mheabhrú go bhfuil reacht an Choimisinéara um Chearta an Duine cumhdaithe i mBunreacht na Polainne agus go mbeidh deireadh ag teacht le téarma oifige an Choimisinéara um Chearta an Duine reatha i mí Mheán Fómhair 2020; | 38. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na hionsaithe polaitiúla ar neamhspleáchas Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine[1]; á thabhairt chun suntais go raibh an Coimisinéir um Chearta an Duine criticiúil go poiblí, laistigh dá réimse freagrachta, faoi bhearta éagsúla a ghlac an rialtas reatha; á mheabhrú go bhfuil reacht an Choimisinéara um Chearta an Duine cumhdaithe i mBunreacht na Polainne agus go mbeidh deireadh ag teacht le téarma oifige an Choimisinéara um Chearta an Duine reatha i mí Mheán Fómhair 2020; ***á mheabhrú, de réir Bhunreacht na Polainne, gur cheart don Sejm an Coimisinéir a thoghadh le toiliú an tSeanaid;*** |
| [1] Féach, freisin, Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, Litir a | Féach, freisin, Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, Litir chuig |

| | |
|---|---|
| seoladh chuig Príomh-Aire na Polainne, 19 Eanáir2018; Ráiteas Comhpháirteach ag Tacú le Coimisinéir um Chearta an Duine na Polainne, sínithe ag ENNHRI, Equinet, GANHRI, IOI, OHCHR na hEorpa, Meitheamh 2019. | Príomh-Aire na Polainne, 19 Eanáir 2018; Ráiteas Comhpháirteach ag Tacú le Coimisinéir um Chearta an Duine na Polainne, sínithe ag ENNHRI, Equinet, GANHRI, IOI, OHCHR na hEorpa, Meitheamh 2019. |

Or. en

11.9.2020 A9-0138/5

**Leasú 5**
**Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Łukasz Kohut, Marc Angel, Włodzimierz Cimoszewicz, Evin Incir, Robert Biedroń, Sylwia Spurek**
thar ceann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar ceann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar ceann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair Rúin**
**Mír 50 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***50a. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an preasráiteas ón Aire Dlí agus Cirt agus ón Aire Comhshaoil i ndáil le heagraíochtaí neamhrialtasacha ar leith, leis an aidhm míchlú a tharraingt orthu as bheith ag saothrú ar mhaithe le leasanna gníomhaithe eachtracha; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an tionscadal atá beartaithe maidir le dréachtdlí i dtaca le clár poiblí ar mhaoiniú eagraíochtaí neamhrialtasacha a chruthú lena gcuirtear d'oibleagáid orthu aon fhoinsí eachtracha maoinithe a dhearbhú[1a];*** |
| | ***[1a] Preaseisiúint ón Aire Comhshaoil, i gcomhar leis an Aire Dlí agus Cirt, 7 Lúnasa 2020, https://www.gov.pl/web/srodowisko/nowe-prawo-wzmocni--przejrzystosc-*** |


Aontaithe san éagsúlacht

***finansowania-organizacji-pozarzadowych*.**

Or. en